Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**16075/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290(COD)**

**CODEC 1949**
**MI 971**
**ENT 263**
**CONSOM 274**
**SAN 784**
**COMPET 1250**
**CHIMIE 141**
**ENV 1291**
**PE 98**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 24 go dtí an 27 Samhain 2025) |

# I. VOTE

An 25 Samhain 2025, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa gur formheasadh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh gan leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 9663/1/25 REV 1.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH i bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus ag Ardrúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## P10_TA(2025)0279

## Sábháilteacht bréagán agus Treoir 2009/48/CE a aisghairm

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2025 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE (09663/1/2025 – C10-0251/2025 – 2023/0290(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (09663/1/2025 – C10-0251/2025),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)462),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A10-0227/2025),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag cur sonrú sa dearbhú ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C);

3. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir

---

[1] IO C, C/2024/1577, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1577/oj.
[2] IO C, C/2025/1032, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1032/oj.

le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

5. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**DEARBHÚ ÓN gCOIMISIÚN TRÁTH A GLACADH RIALACHÁN 2025/...**[+]

Déanann an Coimisiún meastóireacht thráthrialta chórasach ar cheimiceáin ghuaiseacha a bheith i mbréagáin, agus an fhianaise eolaíoch atá ar fáil á cur i gcuntas, d’fhonn na teorainnluachanna nó na coinníollacha maidir le substaintí ceimiceacha sonracha nó meascáin cheimiceacha shonracha a bheith i mbréagáin a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán 2025/...[+] maidir le sábháilteacht bréagán. Chun na críche sin, iarrfaidh an Coimisiún tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le sábháilteacht nítreasaimíní agus substaintí in-níotrósáithithe, i bhfianaise an nochta fhoriomláin, laistigh de 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Chun na críche céanna, iarrfaidh an Coimisiún tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán maidir le sábháilteacht luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam vi i mbréagáin, i bhfianaise an nochta fhoriomláin, laistigh de 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin.

---

[+] IO: Cuir isteach sraithuimhir an Rialacháin a glacadh faoi nós imeachta COD 2023/290.